

## Labhair Leat 0101.mp3

Á: Cé hé sin anois? Dia duit

B: Dia is Muire duit. Gabh mo leithscéal ach tá me ag bogadh isteach sa teach seo in aice libh. Uimhir a sé déag

Á: Á, sibhse na comharsana nua. Tar isteach.

B: Go raibh maith agat. Is mise Brian Ó Muirí.

Á: Is mise Áine Uí Dhónail. Tá m'fhear chéile thuas staighre. Fán. Á Mhuiris, tar anuas bomaite. Cé eile atá sa teach leat?

B: Tá mo bhean sa teach. Tá sí ag déanamh cupán tae. Déanta na fírinne, tá mise anseo ar lorg siúcra. Níl siúcra ar bith agaibh.

Á: Éist. Gabh isteach agus abair le do bhean teacht isteach anois.

B: Maith go leor. Bomaite amháin.

Á: Á Mhuiris, goitse. Tá na comharsana nua anseo.

M: Beidh mé thíos anois díreach.

B: Seo muid.

Á: Isteach libh.

B: Á Áine, seo í Róisín.

Á: Caidé mar atá tú, a Róisín.

R: Go maith, ach rud beag tuirseach, tá a fhios agat. Caidé mar atá tú féin?

Á: Ach tá mise go breá, go raibh maith agat. Seo! Suígí síos. Á, seo anois Muiris, m'fhear céile. Á Mhuiris, seo hiad Róisín agus Brian. Gabh mo leithscéal. Ní cuimhin liom an sloinne.

B: Ó Muirí.

Á: Ó, 'sea [/is ea]. Is cuimhin liom anois. Bhuel(?), gheobhaidh mise an siúcra sin.

M: Fáilte romhaibh anseo.

B: Go raibh maith agat.

M: Cárb as sibh?

R: As Doire mise 'is as Inis Ceithleann Brian. Tá muid ag obair anois san otharlann anseo. Is tiomanaí otharchairr agus is banaltra mise. Cárb as sibhse?

M: As Béal Feirste mise is as Baile an Chaistil Áine. Is múinteoir scoile ise. Tá sí ag teagasc san Árdscoil anseo. Tá siopa beag agamsa i lár na cathrach.

B: Cén cineál siopa?

M: Ó, díolaim péint agus páipéar balla agus rudaí mar sin.

R: Go maith. Caithfidh muid an teach uilig a mhaisiú.

M: Ó, tagaigí chugam mar sin. Tá gach rud agam don obair sin.

Á: Seo daoibh anois. An bhfuil go leor siúcra ansin?

R: Tá agus barraíocht. Go raibh céad maith agat.

M: Éistigi! Ar mhaith libh cupán tae anois.

B: Ba mhaith cinnte.

M: A Róisín?

R: Níos moille, b'fhéidir. Tá neart le déanamh againn sa teach go fóill.

Á: Ar aghaibh libh mar sin. Ach tagaigí don dinnéar ar a seacht a' chlog.

R: Ach anois tá go leor le...

Á: Ní trioblóid ar bith é. Níl mise ag déanamh rud ar bith agus tá neart le déanamh agaibhse.

R: Maith go leor. Go raibh maith agaibh.

B: Slán agaibh anois!

M: Slán libh!

Scéalaí: ...Ar thig sibh sin? Go maith.